3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 52(2) de Rialachán 1306/2013 agus na Treoirlínte maidir le ceartuithe airgeadais a ríomh i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le comhréireacht agus imréiteach airgeadais na gcuntas (C(2015) 3675 an 8 Meitheamh 2015). Tá sé soiléir ó na treoirlínte sin agus ó phrionsabal na comhréireachta, a léirítear freisin in Airteagal 52(2) de Rialachán 1306/2013, nach bhfuil bonn cirt leis an gceartúchán ar ráta comhréidh a forchuireadh ná nach bhfuil sé comhréireach. Ní féidir le méid an tsáraithe líomhnaithe, i bhfianaise a chineáil agus a mhéid, ná leis an damáiste airgeadais a d'fhéadfadh a bheith déanta don Aontas Eorpach de bharr an tsáraithe sin údar maith a thabhairt le ceartúchán ar ráta comhréidh 5 % arna ríomh ar bhonn na talún féaraigh uile a bhí ina ábhar do nuashonrú íomhá sna blianta 2016 go 2018, arbh ionann é agus EUR 13 856 996,64. Dá bhrí sin, níl an ceartúcháin ar ráta comhréidh a shonraítear sa chinneadh a chonspóidtear ag luí leis na forálacha thuas ná le prionsabal na comhréireachta..

(1) IO L 157, 2022, lch. 15.

(2) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 2013, lch. 549).

(3) IO L 227, 2014, lch. 69.

---

**Caingean arna tabhairt an 8 Lúnasa 2022 – Zitro International v EUIPO – e-gaming (Straoiseog ag caitheamh hata ard)**

**(Cás T-491/22)**

(2022/C 380/25)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Zitro International Sàrl (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaí: Canela Giménez, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc:* e-gaming s.r.o. (Prág, Poblacht na Seice)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh (Léiriú ar Straoiseog ag caitheamh hata ard) – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 884 680

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 30 Bealtaine 2022 i gCás R 2005/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus d'aon duine eile a chuireann i gcoinne na caingne seo na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.